Boris Johnson an-tinn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Boris Johnson. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- intensive care unit _____
- treatment _____
- leader, ringleader _____
- that he had gotten worse _____
- ventilator _____
- chair a meeting _____
- illness _____
- constitutional and political system _____
- the power (authority) _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Cum cúig cheist bunaithe ar an mír agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat.

Ceist 4 Éist leis an mír arís agus aimsigh sampla amháin inti de na gnéithe gramadaí seo a leanas.

an tuiseal ginideach, uatha + alt: _____
comhfhocal: _____
an aidiacht shealbhach: _____
an saorbhriathar: _____
ainmfhocal baininscneach + alt: _____
ainmfhocal firinscneach + alt: _____
réamhfhocal simplí + séimhiú: _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5 Súil siar ar an gclásal coibhneasta – díreach agus indíreach

Ceangail na habairtí thíos le chéile chun abairt amháin a dhéanamh.

1. An é sin an dochtúir? Téann sé ag obair go luath gach maidin.
2. Sin é an fear. Chonaic Seán a charr sa chlós.
3. Chonaic mé an leabharlann. Bíonn Síle ag obair inti.
4. Sin í an cailín. Tá mo chara ina cónaí léi.
5. Sin iad na damhsóirí. Bhuaigh siad an dara duais sa chomórtas.
6. Sin é m'uncail. Ní fheicim rómhinic é.
7. Is fear é. Ní chreidim focal uaidh.
8. Is duine é sin. Oibríonn sé go crua.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Cé chomh tromchúiseach is atá cás Boris Johnson inniu?
2. Cé hiad na daoine is mó atá thíos leis an gcoróinvíreas? Cén fáth?
3. Conas atá córas polaitiúil na hÉireann éagsúil ón gcóras i Sasana?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

- intensive care unit — *aonad dianchúraim*
- treatment — *cóir leighis*
- leader, ringleader — *ceann feadhna*
- that he had gotten worse — *go raibh sé imithe in olcas*
- ventilator — *aerálaí*
- chair a meeting — *déan cathaoirleacht ar chruinniú*
- illness — *breoiteacht*
- constitutional and political system — *córas bunreachtúil agus polaitiúil*
- the power (authority) — *an chumhacht*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Mar shampla:

- ✓ Cé mhéad duine a fuair bás leis an gcoróinvíreas go dtí seo i Sasana?
- ✓ Cé mhéad duine a fuair bás leis an gcoróinvíreas le lá anuas i Sasana?
- ✓ Cad a tharla do Boris Johnson?
- ✓ Cé a dhéanfaidh ionadaíocht ar Boris Johnson?
- ✓ Cad a dúirt Michael Gove/ Ronan McCrea/Brendan Riley?
- ✓ Conas a roghnófar Príomh-Aire nua má fhaigheann Boris Johnson bás?

Ceist 4

an tuiseal ginideach, uatha + alt:	*Príomh-Aire na Breataine x 2, Rialtas na Breataine, comharthaí an víris, Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Breataine, cruinniú laethúil an rialtais, córas bunreachtúil agus polaitiúil na Breataine, tascanna an Phríomh-Aire.*
comhfhocal:	*coróinvíreas, Príomh-Aire, dianchúram.*
an aidiacht shealbhach:	*ina cheann, ina theaghlach.*
an saorbhriathar:	*gur deimhníodh, cuireadh, gur tugadh.*
ainmfhocal baininscneach + alt:	*an chuma, an chumhacht.*
ainmfhocal firinscneach + alt:	*an tAire, an coróinvíreas, an Príomh-Aire*
réamhfhocal simplí + séimhiú:	*ar dhuine, ar chúrsaí, ar chruinniú, do chóras*

Ceist 5

1. An é sin an dochtúir a théann ag obair go luath gach maidin?
2. Sin é an fear a bhfaca Seán a charr sa chlós.
3. Chonaic mé an leabharlann a mbíonn Síle ag obair inti.
4. Sin í an cailín a bhfuil mo chara ina cónaí léi.
5. Sin iad na damhsóirí a bhuaigh an dara duais sa chomórtas.
6. Sin é m'uncail nach bhfeicim rómhinic.
7. Is fear é nach gcreidim focal uaidh.
8. Is duine é sin a oibríonn go crua.

Ceist 6
Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Tá breis is seacht gcéad go leith duine tar éis bháis leis an gcoróinvíreas i Sasana le ceithre huaire is fiche. Tá Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, in aonad dianchúraim i Londain, áit a bhfuil cóir leighis á cur air don víreas. Is é Dominic Raab atá ina cheann feadhna[1] ar Rialtas na Breataine fad is atá Boris Johnson tinn.

Eibhlín Ní Choistealbha
Deich lá i ndiaidh gur deimhníodh go raibh an coróinvíreas air, chuaigh Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, atá 55 bliain d'aois, isteach in ospidéal St Thomas' i Londain Dé Domhnaigh. Aréir cuireadh an Príomh-Aire isteach in aonad dianchúraim agus an chuma air go raibh sé imithe in olcas.

Dúirt an tAire Michael Gove gur tugadh ocsaigin don bPríomh-Aire ach nach bhfuil sé ag baint úsáid as aerálaí. Tá Michael Gove é féin ag fanacht ag an mbaile agus comharthaí an víris ar dhuine ina theaghlach.

Idir an dá linn, is é Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Breataine, Dominic Raab, atá i bhfeighil ar chúrsaí. Dhein[2] sé cathaoirleacht inniu ar chruinniú laethúil an rialtais maidir leis an gcoróinvíreas.

An tOllamh Ronan McCrea, Coláiste Ollscoile Londain
Spreagann breoiteacht Boris Johnson ceisteanna casta do chóras bunreachtúil agus polaitiúil na Breataine. Toisc nach bhfuil bunreacht scríofa ag an Ríocht Aontaithe, ciallaíonn sé sin nach bhfuil na rialacha an-soiléir. Dúirt Boris Johnson go bhfuil an chumhacht ag Dominic Raab tascanna an Phríomh-Aire a dhéanamh dó.

Le cúnamh Dé ní tharlóidh sé, ach má fhaigheann an Príomh-Aire bás beidh ar an mBanríon Príomh-Aire nua a cheapadh, nó a ainmniú.

Brendan Riley, Altra, Londain
Tá súil agam agus ag gach uile dhuine go mbeidh biseach[3] go luath ar Mr. Johnson. Agus ar gach uile othar agus gach uile dhuine a bhfuil an coróinvíreas orthu[4].

Eibhlín Ní Choistealbha
6,169 duine ar fad atá tar éis bháis le COVID-19 sa Ríocht Aontaithe go dtí seo. 786 acu sin le lá anuas.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[1] *feadhain* a dúradh
[2] *Rinne* an leagan caighdeánach
[3] *bís* a dúradh
[4] *acu* a dúradh